AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 20 Bealtaine 2026
(OR. en)

2025/0073(COD)
LEX 2521

PE-CONS 15/1/26
REV 1

SOC 149
EMPL 63
FIN 403
ECOFIN 335
COMPET 322
CADREFIN 111
CODEC 436

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (AE) 2021/691 A MHÉID A BHAINEANN LE TACAÍOCHT D'OIBRITHE A NDÉANANN IOMARCAÍOCHT ATÁ AR TÍ TARLÚ DIFEAR DÓIBH I BHFIONTAIR A BHFUIL ATHSTRUCHTÚRÚ Á DHÉANAMH ORTHU

**RIALACHÁN (AE) 2026/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 20 Bealtaine 2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 175, an tríú mír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

1 IO C, C/2025/4217, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4217/oj.
2 IO C, C/2025/4419, 29.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4419/oj.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 11 Bealtaine 2026.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], bunaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil ó 2007-2013. Bunaíodh CED chun é a chur ar a chumas don Aontas dlúthpháirtíocht a léiriú i leith oibrithe a chaill a bpost mar gheall ar mhórathruithe struchtúracha i bpatrúin trádála domhanda de bharr an domhandaithe.

(2) Leathnaíodh raon feidhme CED in 2009 mar chuid den Phlean Eorpach don Téarnamh Eacnamaíoch, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Samhain 2008, chun tacaíocht d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht mar thoradh díreach ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta a chur san áireamh.

---

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (IO L 406, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1927/oj).

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], bunaíodh CED ar feadh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil 2014-2020. Ina theannta sin, leathnaíodh raon feidhme CED chun iomarcaíochtaí a d'eascair as aon ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch nua a chumhdach. Leasaíodh an Rialachán sin le Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] chun a cheadú do CED, ar bhonn eisceachtúil, comhiarratais lena mbaineann fiontair bheaga agus mheánmhéide a chumhdach, ar fiontair iad atá lonnaithe in aon réigiún amháin agus atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla eacnamaíocha arna sainiú ar leibhéal rannáin NACE Athbhreithniú 2, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], i gcás ina léiríonn an Ballstát iarrthach gurb iad fiontair bheaga agus mheánmhéide an príomhchineál nó an t-aon chineál gnólachta sa réigiún sin.

---

5 Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 855, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1309/oj).

6 Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013(IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj).

7 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

(4) Le Rialachán (AE) 2021/691, bunaíodh CED ar feadh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Chun CED a dhéanamh níos freagrúla do na dúshláin eacnamaíocha atá ag athrú go tapa i ngeilleagar domhandaithe, leathnaíodh raon feidhme CED arís chun teagmhas athstruchtúrúcháin mórscála de chineál ar bith a chumhdach, gan beann ar an gcúis a bhí leis. Tugadh isteach tairseach níos ísle don tacaíocht ná an tairseach dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, chun léiriú ar bhealach níos fearr an saol mar atá i réigiúin ina bhfuil daonra níos lú. I bhfianaise an aistrithe ghlais dhigitigh, measadh go raibh bearta lena n-ullmhaítear tairbhithe don aistriú sin ina ngnéithe sainordaitheacha de gach pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe (‘an pacáiste comhordaithe’) a thairgtear do thairbhithe. Thairis sin, rinneadh na rátaí cómhaoinithe a ailíniú leis an ráta cómhaoinithe is airde de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] sa Bhallstát lena mbaineann. Ina theannta sin, tugadh isteach suirbhé sainordaitheach ar na tairbhithe.

---

8 Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1057/oj).

(5) Is é CSE+ príomhionstraim an Aontais chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe a ndearnadh coigeartú eacnamaíoch agus athstruchtúrú difear dóibh, ar ionstraim í a ceapadh chun cúnamh a thabhairt ar bhealach réamhghníomhach. Ceapadh CED chun cúnamh a thabhairt mar fhreagairt ar mhórtheagmhais athstruchtúrúcháin gan choinne ar bhealach frithghníomhach. Mar sin féin, ní léirítear dearadh an chúnaimh d'oibrithe a ndearna athstruchtúrú difear dóibh i gceart go dtarlaíonn teagmhais athstruchtúrúcháin mhórscála thar thréimhse fhada de ghnáth. Is féidir leis na Ballstáit CSE+ a úsáid chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú, ach ní sholáthraítear tacaíocht le CSE+ chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú i gcásanna éigeandála, cuir i gcás na cásanna sin ina bhfaigheann na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh iad féin. Is minic a bhíonn deacrachtaí eacnamaíocha ag na fiontair ina bhfuil na hoibrithe lena mbaineann fostaithe agus, dá bhrí sin, ní bhíonn siad in ann an cúnamh sin a thabhairt ina n-aonar.

(6) Tá an iomaíocht atá os comhair an Aontais ag éirí níos míchothroime ó thríú tíortha nach bhfuil an leibhéal céanna ceart saothair acu ná nach gcomhlíonann an leibhéal céanna cosanta sábháilteachta agus comhshaoil. Is gá tacú le fiontair an Aontais ina gcomhrac i gcoinne na hiomaíochta éagóraí agus oibrithe a chosaint ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann léi.

(7) Tá tábhacht ar leith fós ag baint le ról CED mar ionstraim sholúbtha chun tacú le hoibrithe a chailleann a bpost de bharr teagmhais athstruchtúrúcháin mhórscála agus a chuidíonn leo post eile a fháil a luaithe is féidir. Tá sé tábhachtach don Aontas leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht shonrach aonuaire d'oibrithe iomarcacha chun ath-imeascadh i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a éascú i limistéir, in earnálacha, i gcríocha nó i margaí saothair atá buailte ag mórshuaitheadh eacnamaíoch. Tá sé ríthábhachtach don Aontas a rathúnas inbhuanaithe, a uathriail straitéiseach agus a iomaíochas a áirithiú agus, ag an am céanna, caomhnú á dhéanamh aige ar a gheilleagar sóisialta margaidh uathúil, lena dtacaítear le hoibrithe agus le fiontair chun aistriú glas digiteach atá cóir a áirithiú, lena ndéantar poist a choinneáil san Aontas, agus a dhaonlathas, a shlándáil eacnamaíoch agus a sheasamh geopholaitiúil a choimirciú. Chun todhchaí an Aontais mar mhórchumhacht eacnamaíoch a chosaint, agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lena aistriú glas digiteach, tá sé ríthábhachtach tacú le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu ionas gur féidir leo na scileanna a fháil a chabhródh leo aistriú chuig ról éagsúil ina gcuideachta reatha nó i gcuideachta eile.

(8) Nuair a dhéantar mórtheagmhas athstruchtúrúcháin ar fhiontar, is minic a bhíonn sé ina chúis le teagmhais athstruchtúrúcháin ina sholáthróirí díreacha nó ina tháirgeoirí iartheachtacha, nó sa dá rud. Sna cásanna sin, ba cheart é a bheith indéanta freisin do na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i soláthróirí díreacha nó i dtáirgeoirí iartheachtacha den sórt sin a bheith incháilithe do thacaíocht CED, ar choinníoll go gcomhaontaíonn an fiontar iarrthach iad a áireamh san iarraidh do thacaíocht CED a chuirtear faoi bhráid an Bhallstáit. Aon iomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta i soláthróirí díreacha nó táirgeoirí iartheachtacha an fhiontair iarrthaigh a áirítear san iarraidh ar thacaíocht CED, ba cheart iad a dhéanamh laistigh den Bhallstát céanna inar cheart na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta san fhiontar iarrthach, agus ba cheart nasc cúisíoch soiléir eatarthu a bhunú. Ba cheart don fhiontar iarrthach na critéir idirghabhála a chomhlíonadh as a stuaim féin, gan tagairt do na soláthróirí díreacha nó do na táirgeoirí iartheachtacha a áirítear ina iarraidh. Ba cheart don fhiontar iarrthaigh amháin freagracht iomlán a ghlacadh as an iarraidh a chur isteach, as an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar do na Ballstáit, as an gcómhaoiniú náisiúnta a sholáthar, agus as an bpacáiste comhordaithe a chur chun feidhme.

(9) Ba cheart do CED tacú le hoibrithe trí scileanna inaistrithe a fhorbairt chun iomarcaíochtaí a sheachaint agus chun aistriú rianúil chuig fostaíocht nua a cheadú. Dá bhrí sin, is gá Rialachán (AE) 2021/691 a leasú ionas gur féidir le CED cúnamh a thabhairt freisin d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, dá soláthróirí díreacha agus dá dtáirgeoirí iartheachtacha. Ós rud é go bhfuil na hoibrithe sin fós i bhfostaíocht ghníomhach, ba cheart a bhfostóir a bheith in ann cúnamh a iarraidh trí údaráis ábhartha na mBallstát. Ós rud é go bhfuil CED faoi bhainistíocht chomhroinnte, is iad údaráis na mBallstát atá in ann iarratas a dhéanamh ar chómhaoiniú CED tar éis iarraidh ar thacaíocht a fháil ó fhiontar, ar choinníoll go gcomhaontaíonn an fiontar an cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar. I gcás ina ndeonófaí an ranníocaíocht airgeadais ó CED, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann na cistí a iarradh a chur ar fáil don fhiontar laistigh de 10 lá oibre tar éis iad a fháil. Go sonrach, ba cheart don fhiontar an fhaisnéis uile is gá chun an tuarascáil chríochnaitheach a ullmhú maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta airgeadais ábhartha a chur ar fáil don Bhallstát tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh chur chun feidhme an chúnaimh. Ba cheart don Choimisiún suirbhé ar na tairbhithe agus ba cheart don fhiontar iarrthach rochtain air a chomhroinnt leis na hoibrithe uile a ghlac páirt sna bearta comhchistithe CED agus, i gcás inarb infheidhme, lena n-ionadaithe.

(10) Chun na rioscaí airgeadais agus dliteanais airgeadais a bhaineann le cur chun feidhme an phacáiste chomhordaithe a mhaolú, d'fhéadfadh na Ballstáit a chinneadh seiceálacha airgeadais agus riaracháin a dhéanamh atá éifeachtach agus comhréireach, sula gcuirfidh siad an t-iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ('seiceálacha ex ante').

(11) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach lena gcuirtear san áireamh na costais riaracháin arna dtabhú ag na fiontair agus an t-iarratas á ullmhú agus ag na húdaráis náisiúnta agus iad ag déileáil leis, agus ar bhealach atá comhréireach leis na rioscaí airgeadais a mheastar a bhaineann leis an iarratas.

(12) Ba cheart do phróisis athstruchtúrúcháin tacú, inter alia, le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus cobhsaíocht fostaíochta fhadtéarmach fiontair, lena neartaítear, dá bhrí sin, iomaíochas an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart do phleananna athstruchtúrúcháin athruithe a réamh-mheas agus a bhainistiú a luaithe is féidir chun dócmhainneacht agus caillteanais post a chosc, lena dtugtar ról, ag céim luath, d'ionadaithe na n-oibrithe agus, i gcás inarb infheidhme, do na ceardchumainn. Ba cheart cinneadh an fhiontair i leith iarraidh ar thacaíocht CED a thíolacadh a ghlacadh, agus ba cheart dearadh phacáiste comhordaithe na mbeart pearsantaithe a dhearadh, i gcomhairle leis na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, lena n-ionadaithe agus leis na comhpháirtithe sóisialta, de réir mar is infheidhme, chun a áirithiú go n-urramaítear cearta oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta agus chun cáilíocht agus ábharthacht na mbeart a áirithiú.

(13) Ba cheart é a bheith indéanta déileáil le hiarratais ar thacaíocht airgeadais lena mbaineann fiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu agus atá lonnaithe i margaí saothair beaga, nó a bhaineann le FBManna amháin, mar iarratais inghlactha fiú mura gcomhlíontar na critéir incháilitheachta ina iomláine. Sna cásanna sin, ba cheart bunús cuí a thabhairt san iarratas leis na cúiseanna nár comhlíonadh na critéir uile.

(14) An tacaíocht a thugtar d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, ba cheart í a bheith ina comhlánú ar na cineálacha tacaíochta atá ar fáil cheana faoi bhearta náisiúnta nó faoi chomhaontuithe comhchoiteanna. Le hathsciliú agus uas-sciliú oibrithe, ba cheart rannchuidiú, inter alia, le poist ardcháilíochta a chruthú, le dálaí oibre cuibhiúla agus leis an aistriú digiteach glas. Níor cheart scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama a bheith incháilithe do thacaíocht CED, toisc nach mbaineann siad le hiomarcaíocht post, ach toisc go mbaineann siad le poist a chur ar fionraí go sealadach. Má cheadaítear é leis na bearta náisiúnta, ba cheart an fiontar iarrthach a bheith in ann seachadadh an phacáiste chomhordaithe de bhearta pearsantaithe, nó codanna de, a ligean ar fochonradh.

(15) An ráta cómhaoinithe maidir le bearta a dhírítear ar oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, ba cheart an ráta sin a bheith cothrom leis an ráta cómhaoinithe maidir le cúnamh CED d'oibrithe iomarcacha. Ba cheart do na fiontair a iarrann tacaíocht CED an cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar. I gcás ina gcomhaontaíonn an fiontar iarrthach oibrithe óna sholáthróirí nó óna tháirgeoirí iartheachtacha a áireamh san iarraidh ar thacaíocht CED, ba cheart é a bheith in ann an comhaontú sin a dhéanamh coinníollach ar ranníocaíochtaí ó na soláthróirí díreacha agus ó na táirgeoirí iartheachtacha i gcomhréir leis an tacaíocht a fhaigheann oibrithe.

(16) Ba cheart an ráta cómhaoinithe a bheith cothrom le 100 % maidir le caiteachas arna thabhú ag an mBallstát i ndáil le hiarratais ar thacaíocht CED agus le próiseáil na n-iarratas sin, lena n-áirítear costais riaracháin agus foirne atá nasctha le seiceálacha ex ante, agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistithe, faisnéise agus poiblíochta, agus gníomhaíochtaí rialaithe agus tuairiscithe.

(17) Ós rud é go bhfuil na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh fós i bhfostaíocht ghníomhach, níor cheart ach na bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair sin lena gcuidítear le hoibrithe athsciliú nó uas-sciliú a bheith incháilithe, nó lena soláthraítear treoir nó meantóireacht, lena n-áirítear bearta atá dírithe ar oibrithe a d'fhéadfadh tús a chur lena ngnó féin lá éigin. Dá bhrí sin, níor cheart liúntais ná deontais do ghnólachtaí nuathionscanta a bheith incháilithe.

(18) Ba cheart oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh agus a fhaigheann cúnamh CED a bheith incháilithe i gcónaí, mar chuid de na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, fiú má thagann deireadh lena gconradh fostaíochta nó lena gcaidreamh fostaíochta. Ba cheart iad a bheith incháilithe fós freisin d'iarratais nua a d'fhéadfadh na Ballstáit faoi seach a dhéanamh chun tacú le hoibrithe iomarcacha ón bhfiontar céanna.

(19) I bhfianaise chúraimí méadaitheacha an Choimisiúin maidir le Rialachán (AE) 2021/691 a chur chun feidhme, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann cúnamh teicniúil a iarraidh suas le 1,5 % d'uasmhéid bliantúil iomlán CED. Tá údar leis an uasráta ardaithe sin freisin toisc gur íslíodh uasmhéid bliantúil CED i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.

(20) I bhfianaise ghlacadh míchothrom thacaíocht CED ag na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún a húsáid a chur chun cinn trí fheasacht a mhúscailt maidir leis na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit trí threoraíocht theicniúil a chur ar fáil agus trí dhea-chleachtais a scaipeadh.

(21) I bhfianaise scála agus mhinicíocht an athstruchtúraithe le blianta beaga anuas, tá imní ann go bhféadfadh sé nár leor buiséad CED atá ann cheana chun freastal ar na hiarratais uile a bhaineann le hoibrithe iomarcacha agus le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh. Dá bhrí sin, chun úsáid chothrom CED a áirithiú, ba cheart 40 % ar a laghad d'uasmhéid bliantúil CED a fhorchoimeád le haghaidh iarratais a bhaineann le scor de ghníomhaíocht oibrithe iomarcacha nó daoine féinfhostaithe. Ina theannta sin, ba cheart uasteorainn a chur le haon ranníocaíocht airgeadais le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh in aghaidh an fhiontair, i gcás Ballstát áirithe agus d'aon bhliain airgeadais.

(22) Chun tacaíocht mhear a sholáthar do na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, i bhfianaise go rachaidh Rialachán (AE) 2021/691 in éag ag deireadh 2027, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcomhréir le hAirteagal 4, le CED, cuirfear tacaíocht ar fáil d’oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht le linn mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus d’oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu. ’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*‘Airteagal 2*
*Misean agus cuspóirí*

1. Le CED, tacófar le claochluithe socheacnamaíocha a eascraíonn as an domhandú agus as athruithe teicneolaíocha agus comhshaoil trí chuidiú le hoibrithe iomarcacha agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht oiriúnú d’athruithe struchtúrtha. Tacóidh CED freisin le hoibrithe atá i mbaol iomarcaíochta atá ar tí tarlú. Ciste éigeandála a oibríonn go frithghníomhach a bheidh in CED. Dá réir sin, le CED, rannchuideofar le cur chun feidhme na bprionsabal a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuirfear fostaíocht inbhuanaithe chun cinn agus cuirfear feabhas ar an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch idir réigiúin agus na Ballstáit.

2. Is iad cuspóirí CED dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe san Aontas a chur chun cinn trí chúnamh a thabhairt i gcás ina dtarlóidh mórtheagmhais athstruchtúrúcháin, go háirithe de dheasca dúshláin a bhaineann leis an domhandú, cuir i gcás athruithe i bpatrúin na trádála domhanda, díospóidí trádála, athruithe suntasacha ar chaidreamh trádála an Aontais nó ar chomhdhéanamh an mhargaidh inmheánaigh agus géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, mar aon leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin mar chuid den aistriú glas agus cóir, nó de dheasca an digitithe nó an uathoibrithe. Le CED, tabharfar tacaíocht do na tairbhithe fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a fháil arís a luaithe is féidir. Cuirfear béim ar leith ar na bearta a chuidíonn leis na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Le CED, tacófar freisin le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh na scileanna is gá a fháil chun cuidiú leo aistriú chuig ról eile laistigh dá bhfiontar reatha nó chuig fiontar eile.';

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(1a) ciallaíonn 'oibrí a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dó nó di' oibrí i bhfiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air, a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh deireadh lena chonradh fostaíochta nó lena conradh fostaíochta nó lena chaidreamh fostaíochta nó lena caidreamh fostaíochta gan beann a chineáil nó a fhaid mar gheall ar iomarcaíocht tar éis teachtaireachta i scríbhinn ón bhfostóir chuig ionadaithe na n-oibrithe ina gcuirtear in iúl dóibh, le linn na gcomhairliúchán, inter alia, líon agus catagóirí na n-oibrithe atá le cur ar iomarcaíocht i gcomhréir le hAirteagal 2(3), pointe (b), de Threoir 98/59/CE;' ;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(6) ciallaíonn ‘fiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air’ fiontar atá ag dul faoi phróiseas lena mbaineann ‘iomarcaíochtaí comhchoiteanna’ mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (a), de Threoir 98/59/CE ;’;

(4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Féadfaidh Ballstáit cur isteach ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CED le haghaidh bearta atá dírithe ar oibrithe iomarcacha agus ar dhaoine féinfhostaithe i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos san Airteagal seo. I gcás ina bhfuil iarrataí ó fhiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu maidir le bearta atá dírithe ar oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, déanfaidh na Ballstáit iarratas ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CED.’;

(b) i mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(d) iomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta a bheith ann a bhaineann le 200 oibrí ar a laghad, ar oibrithe iad a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh in aon fhiontar amháin a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air i mBallstát amháin.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I margaí saothair beaga, i gcásanna cuí-réasúnaithe, agus go háirithe maidir le hiarratais lena mbaineann FBManna, measfar go bhfuil iarratas ar ranníocaíocht airgeadais faoin Airteagal seo inghlactha fiú mura ndéantar cuid de na critéir a leagtar amach sna himthosca a liostaítear i mír 2 a chomhlíonadh ina n-iomláine, ar choinníoll go mbíonn mórthionchar ag na hiomarcaíochtaí nó na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta ar an bhfostaíocht agus ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta.

I gcás iarratais faoi Airteagal 8, tabharfaidh an Ballstát bunús cuí leis an iarratas, agus sonróidh sé cé acu de na critéir a leagtar amach sna himthosca a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo nach bhfuil á chomhlíonadh ina iomláine.

I gcás iarratais faoi Airteagal 8a, tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón bhfiontar, lena n-áirítear léiriú ar na critéir a leagtar amach sna himthosca a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo nach bhfuil á gcomhlíonadh ina n-iomláine, tíolacfaidh an Ballstát an t-iarratas.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. In imthosca eisceachtúla, agus go háirithe maidir le hiarratais lena mbaineann FBManna, beidh feidhm ag mír 3 freisin maidir le margaí saothair seachas margaí saothair beaga. Ní rachaidh méid comhiomlánaithe na ranníocaíochtaí airgeadais sna cásanna sin thar 15 % d’uasteorainn bhliantúil CED.’;

(5) in Airteagal 5, an chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

‘Sonróidh an Ballstát iarrthach an modh a úsáidtear chun líon na n-oibrithe iomarcacha agus na ndaoine féinfhostaithe a ríomh, a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, chun críocha Airteagal 4 ar cheann amháin nó níos mó de na dátaí seo a leanas:’;

(6) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 5a*
*Líon na n-oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh a chur in iúl*

Chun críocha Airteagal 4 den Rialachán seo, cuirfidh an Ballstát iarrthach in iúl don Choimisiún líon na n-oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh a sainaithníodh i gceann amháin nó níos de na teachtaireachtaí i scríbhinn ón bhfostóir chuig ionadaithe na n-oibrithe i gcomhréir le hAirteagal 2(3), an dara fomhír, de Threoir 98/59/CE.’;

(7) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) sa chéad mhír, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(c) oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, soláthróirí díreacha nó táirgeoirí iartheachtacha an fhiontair sin;’;

(b) cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

‘Beidh na hoibrithe dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad mhír de incháilithe fós mar chuid de na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh fiú má thagann deireadh lena gconradh oibre nó lena gcaidreamh oibre. Ní bheidh incháilithe ach teagmhais athstruchtúrúcháin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, teagmhais athstruchtúrúcháin i soláthraithe díreacha agus i dtáirgeoirí iartheachtacha fiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air, a cháilíonn mar iomarcaíochtaí comhchoiteanna faoi Threoir 98/59/CE.’;

Beidh na hoibrithe dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad mhír incháilithe gan beann ar na bearta tacaíochta arna soláthar ag an mBallstát lena mbaineann agus arna maoiniú go heisiach ag a chuid acmhainní, ar choinníoll nach cuid den phacáiste comhordaithe iad na bearta sin.

Measfar gur tairbhithe incháilithe iad oibrithe dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad mhír má shainaithnítear iad sa chumarsáid i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 5a a bhaineann le hiomarcaíochtaí atá ar tí tarlú nó i gcumarsáid i scríbhinn ina dhiaidh sin maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta breise, san fhiontar iarrthach, nó ina sholáthróirí díreacha nó ina tháirgeoirí iartheachtacha, i gcás inarb infheidhme, ar choinníoll go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha in iúl faoin lá deireanach roimh an dáta a chuirfidh an Coimisiún an measúnú i gcrích.

Measfar gur tairbhithe incháilithe iad na hoibrithe soláthróirí díreacha agus na táirgeoirí iartheachtacha dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad mhír, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas:

(a) is cuid d'iomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta iad atá ar bun sa Bhallstát céanna leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta ag an bhfiontar iarrthach; agus

(b) suitear go bhfuil nasc cúisíoch soiléir ann idir na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta ag an bhfiontar iarrthach agus na iomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta ina sholáthróirí díreacha nó ina tháirgeoirí iartheachtacha.';

(8) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfar ranníocaíocht airgeadais ó CED a dhéanamh le haghaidh bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair atá ina gcuid de phacáiste comhordaithe, atá ceaptha chun ath-imeascadh san fhostaíocht nó san fhéinfhostaíocht a éascú do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, go háirithe na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste ina measc, nó chun cuidiú leis na hoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), na scileanna a nuashonrú nó a fháil a theastaíonn uathu chun aistriú chuig ról éagsúil lena bhfiontar reatha nó chuig fostóir eile.';

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas :

(i) sa dara fomhír, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘(c) ‘i gcás na dtairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), féadfar a bheith ar áireamh sa phacáiste comhordaithe oiliúint agus athoiliúint, lena gcomhlánaítear na cineálacha tacaíochta atá ar fáil cheana faoi bhearta náisiúnta nó ceanglais faoi chomhaontuithe comhchoiteanna, atá saincheaptha do riachtanais an oibrí aonair, lena n-áirítear maidir leis na scileanna is gá le haghaidh geilleagar inbhuanaithe atá tíosach ar acmhainní, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus scileanna eile a theastaíonn sa ré dhigiteach, deimhniú ar an eolas agus ar na scileanna a fuarthas, seirbhísí aonair cúnaimh i gcuardach poist agus gníomhaíochtaí grúpa spriocdhírithe, treoir ghairme, seirbhísí comhairleacha, meantóireacht, cúnamh do shocrúchán oibre seachtrach, cur chun cinn na fiontraíochta agus gníomhaíochtaí comhair.’;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an tríú fomhír:

‘Ní áireofar sa phacáiste comhordaithe socruithe maidir le hobair ghearr-ama, liúntais ná deontais do ghnólachtaí nuathionscanta. ’;

(9) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Airteagal 8
Iarratais ar chúnamh CED d’oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht’;

(b) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

‘(l) ráiteas ina leagtar amach an fáth nach dtagann an pacáiste comhordaithe in ionad bearta a bhfuil fostóirí freagrach astu de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna ;’;

(10) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 8a

Iarratais ar chúnamh CED d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh

1. Fiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, féadfaidh siad iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann iarratas a chur isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED má chomhlíontar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (d), agus más mian leis an bhfiontar cúnamh atá cómhaoinithe ag CED a thabhairt d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), le haghaidh thréimhse iomlán an chur chun feidhme. Féadfaidh an fiontar an t-iarraidh sin a thíolacadh 14 sheachtain ón dáta a chuir sé ar aghaidh chuig an údarás poiblí inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 2(3), an dara fomhír, de Threoir 98/59/CE, an chéad teachtaireacht i scríbhinn chuig na hionadaithe oibrithe ina bhfuil, inter alia, líon agus catagóirí na n-oibrithe atá le cur ar iomarcaíocht.

2. Oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh ina sholáthróirí díreacha agus ina tháirgeoirí iartheachtacha, atá incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 6, an chéad mhír 1, pointe (c), féadfaidh fiontar iarrthach a chomhaontú na hoibrithe sin a áireamh ina iarraidh, ar choinníoll gur laistigh den Bhallstát céanna a tharlóidh na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna uile a chumhdaítear leis an iarraidh, gan beann ar cé acu san fhiontar iarrthach nó ina sholáthróirí díreacha nó ina tháirgeoirí iartheachtacha a tharlóidh siad. .

Maidir le fiontar iarrthach a chomhaontaíonn a áireamh ina iarraidh oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh ina sholáthróirí díreacha nó ina tháirgeoirí iartheachtacha i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, beidh sé freagrach fós go hiomlán faoin Rialachán seo as an iarraidh. Go háirithe, leanfaidh sé de bheith freagrach go hiomlán as an méid seo a leanas:

(a) an iarraidh a thíolacadh;

(b) an fhaisnéis uile is gá a sholáthar do na Ballstáit;

(c) an cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar;

(d) agus an pacáiste comhordaithe a chur chun feidhme.

Féadfaidh an fiontar iarrthach socrú a dhéanamh ranníocaíochtaí airgeadais a fháil óna sholáthróirí díreacha agus óna tháirgeoirí iartheachtacha i gcomhréir leis an tacaíocht a fhaigheann a n-oibrithe.

3. Chun críocha an Airteagail seo, soláthróidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha, seicliostaí agus teimpléid le haghaidh foirmeacha iarrata i gcomhar leis na Ballstáit. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na teimpléid sin a dhéanamh éigeantach chun iarrataí a thíolacadh.

Foilseoidh na Ballstáit treoirlínte agus teimpléid ar líne chun tacú leis na fiontair a n-iarrataí a ullmhú.

San fhaisnéis atá le soláthar ag an bhfiontar trí na teimpléid dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo áireofar an fhaisnéis ar fad is gá le haghaidh iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, i gcomhréir le mír 12.

4. Tíolacfaidh na Ballstáit a n-iarratais ar bhonn na n-iarrataí dá dtagraítear i mír 1. Gan dochar do mheasúnú neamhspleách an Choimisiúin ar an iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED i gcomhréir le mír 11, féadfaidh an Ballstát iarrthach seiceálacha ex ante a dhéanamh chun an méid seo a leanas a fhíorú:

(a) cumas airgeadais agus riaracháin an fhiontair is iarratasóir an ranníocaíocht airgeadais ó CED do na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh lena mbaineann a chur chun feidhme;

(b) an fhaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír 12, pointí (g), (k) agus (o);

(c) cé acu a mheastar nó nach meastar go ndéanfar an pacáiste comhordaithe a chur i gcrích i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; agus

(d) cé acu an ann nó nach ann do rioscaí airgeadais don Bhallstát iarrthach, lena n-áirítear gníomhaíocht a d’fhéadfadh a bheith calaoiseach agus an riosca go ndéanfaí cistiú dúbailte.

I gcás ina ndéanfaidh siad seiceálacha ex ante den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit na torthaí in iúl de, in éineacht lena measúnú ar an iarraidh arna cur isteach ag an bhfiontar, agus an t-iarratas á chur faoi bhráid an Choimisiúin acu. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin san áireamh ina mheasúnú ar an iarratas. Má tá measúnú an Choimisiúin éagsúil le torthaí na seiceálacha ex ante, cuirfidh an Coimisiún mínithe mar gheall air sin san achoimre ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(3), pointe (a).

5. Caithfidh na Ballstáit go cothrom le gach iarraidh agus déileálfaidh siad leo san ord a gheobhaidh siad iad, gan aon discréid a fheidhmiú maidir lena n-inghlacthacht nó lena n-incháilitheacht, agus cuirfidh siad iarratais i leith na n-iarrataí sin faoi bhráid an Coimisiúin. Ní thabharfaidh na Ballstáit aon cheanglas breise isteach ná ní athróidh siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

6. Cuirfidh an Ballstát iarrthach iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá oibre ón dáta a fhaigheann sé an iarraidh iomlán.

7. Arna iarraidh sin don fhiontar, soláthróidh an Ballstát lena mbaineann treoir le linn an nós imeachta maidir le hiarraidh dá dtagraítear i mír 1, agus méid agus acmhainneacht riaracháin an fhiontair á gcur san áireamh.

8. Arna iarraidh sin don Bhallstát iarrthach, soláthróidh an Coimisiún treoir le linn an nós imeachta um iarratas.

9. Laistigh de 10 lá oibre ón dáta a tíolacadh an t-iarratas, nó, i gcás inarb infheidhme, laistigh de 10 lá oibre ón dáta a bheidh aistriúchán ar an iarratas i seilbh an Choimisiúin, cé acu is déanaí, tabharfaidh an Coimisiún admháil fála i leith an iarratais, agus iarrfaidh sé ar an mBallstát iarrthach aon fhaisnéis bhreise a thabhairt atá ag teastáil uaidh chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas. Má áirítear san fhaisnéis bhreise a iarrtar faisnéis is féidir leis an bhfiontar a sholáthar, soláthróidh an fiontar an fhaisnéis sin don Bhallstát.

10. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise de bhun mhír 9, tabharfaidh an Ballstát freagra air sin laistigh de 15 lá oibre ó dháta na hiarrata. Déanfaidh an Coimisiún an sprioc-am sin a fhadú 10 lá oibre ar iarraidh a fháil ón mBallstát iarrthach. Beidh bunús cuí ag gabháil le haon iarraidh den sórt sin ar fhadú.

11. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar san iarratas, cuirfidh an Coimisiún i gcrích a mheasúnú ar chomhlíonadh an iarratais leis na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar laistigh de 50 lá oibre ón iarratas comhlánaithe a fháil nó, i gcás inarb infheidhme, ón aistriúchán ar an iarratas sin a fháil. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír 12. Ina mheastóireacht, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar leordhóthanacht an phróisis comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(4), agus ar leordhóthanacht an phacáiste chomhordaithe.

I gcás nach mbeidh an Coimisiún in ann an sprioc-am sin a chomhlíonadh, cuirfidh sé an Ballstát iarrthach ar an eolas sula rachaidh an sprioc-am sin in éag, agus míneoidh sé na cúiseanna leis an moill agus socróidh sé dáta nua chun a mheasúnú a thabhairt i gcrích. Ní bheidh an dáta nua sin tráth nach déanaí ná 20 lá oibre tar éis an sprioc-ama a leagtar síos sa chéad fhomhír.

12. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarratas:

(a) sainaithint an fhiontair iarrthaigh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, a sholáthróirí díreacha agus a tháirgeoirí iartheachtacha dá ndéantar difear;

(b) líon na n-oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh san fhiontar iarrthach a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air, i gcomhréir le hAirteagail 5a;

(c) líon na dtairbhithe incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), agus líon na dtairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu i measc na dtairbhithe incháilithe sin, i gcomhréir le rúin an fhiontair iarrthaigh, a thairbhíonn faoi bhearta ón bpacáiste comhordaithe.

(d) i gcás inarb infheidhme, agus a luaithe a bheidh sé ar fáil, aon chomhaontú i scríbhinn idir an fiontar iarrthach agus a sholáthróirí díreacha nó a tháirgeoirí iartheachtacha;

(e) tuairisc achomair ar na teagmhais ba chúis leis an athstruchtúrú;

(f) i gcás ina n-áirítear san iarratas oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i soláthróirí díreacha nó i dtáirgeoirí iartheachtacha an fhiontair iarrthaigh, anailís réasúnaithe arna soláthar ag an bhfiontar iarrthach ina suitear nasc cúisíoch soiléir idir na iomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta sna soláthróirí díreacha nó sna táirgeoirí iartheachtacha agus na hiomarcaíochtaí sin san fhiontar iarrthach;

(g) deimhniú, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag an bhfiontar, gur chomhlíon an fiontar a oibleagáidí dlíthiúla, agus go leanann sé dá gcomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach in Airteagal 2 de Threoir 98/59/CE, agus aon chomhaontú comhchoiteann lena rialaítear na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta sin agus go bhfuil sé ag soláthar dá oibrithe dá réir sin. ;

(h) tuairisc ar na nósanna imeachta a lean an fiontar chun dul i gcomhairle leis na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu nó lena n-ionadaithe, de réir mar is infheidhme, maidir le dearadh an phacáiste chomhordaithe, mar aon leis an tuairisc ar na nósanna imeachta a leanadh chun dul i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha nó le páirtithe leasmhara ábhartha eile, de réir mar is infheidhme, maidir leis na bearta a áirítear i bpacáiste comhordaithe;

(i) míniú ar a mhéid a cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú agus, i gcás inarb infheidhme, ar an gcaoi a gcomhlánaíonn an pacáiste comhordaithe gníomhaíochtaí arna gcistiú ag cistí eile de chuid an Aontais nó ag cistí náisiúnta eile;

(j) miondealú measta ar chomhdhéanamh na dtairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais, a úsáideadh do cheapadh an phacáiste chomhordaithe;

(k) tuairisc mhionsonraithe ar an bpacáiste comhordaithe agus ar an gcaiteachas gaolmhar, lena n-áirítear aon bheart mar thaca le tionscnaimh fostaíochta do thairbhithe faoi mhíbhuntáiste, tairbhithe óga agus tairbhithe scothaosta;

(l) an buiséad measta do gach ceann de chomhpháirteanna an phacáiste chomhordaithe a bheidh ina dtaca ag na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu;

(m) na dátaí ar ar cuireadh tús le soláthar an phacáiste comhordaithe do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu agus leis na gníomhaíochtaí chun CED a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 7, nó na dátaí ar a bhfuiltear le tús a chur leo;

(n) an buiséad measta d'aon ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, lena n-áirítear seiceálacha ex ante*,* chomh maith le gníomhaíochtaí bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe a dhéanfaidh an Ballstát iarrthach i ndáil leis an iarratas;

(o) ráiteas ina leagtar amach an fáth nach dtagann an pacáiste comhordaithe in ionad bearta a bhfuil fostóirí freagrach astu de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna;

(p) an deimhniú ón bhfiontar lena mbaineann go ndéanfaidh sé bearta an phacáiste chomhordaithe a chómhaoiniú agus gurb é a chómhaoiniú an t-aon fhoinse amháin don chomhchistiú náisiúnta, ach amháin i gcás aon ranníocaíochtaí ó na soláthróirí díreacha nó ó na táirgeoirí iartheachtacha;

(q) deimhniú ón mBallstát iarrthach nár sholáthair sé aon chistiú don phacáiste comhordaithe.

I gcás ina n-athraíonn na huimhreacha dá dtagraítear i bpointí (c) agus (l) den chéad fhomhír sula gcuireann an Coimisiún an measúnú i gcrích, cuirfear na hathruithe sin in iúl don Choimisiún.

Soláthróidh an fiontar iarrthach an fhaisnéis a leagtar amach i bpointí (a) go (f), (j) go (m), agus (o) agus (p) den chéad fhomhír don Bhallstát iarrthach.';

(11) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas,

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ar thionscnamh an Choimisiúin, féadfar uasmhéid 1,5 % d’uasmhéid bliantúil CED a úsáid le haghaidh caiteachas teicniúil agus riaracháin chun é a chur chun feidhme, mar shampla gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, mar aon le bailiú sonraí, lena n-áirítear maidir le córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí cumarsáide agus na gníomhaíochtaí sin a chuireann le hinfheictheacht CED ina cháil mar chiste nó maidir le tionscadail shonracha agus bearta cúnaimh theicniúil eile. Le bearta den sórt sin, féadfar clárthréimhsí amach anseo nó roimhe seo a chumhdach.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Áireofar ar chúnamh teicniúil an Choimisiúin faisnéis agus treoir a sholáthar do na Ballstáit maidir le húsáid CED agus maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air, chomh maith le for-rochtain thiomnaithe do Bhallstáit nach raibh aon ghlacadh acu le tacaíocht CED nó nach raibh ach glacadh íseal acu léi. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis agus treoir fhollasach do na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir le húsáid CED. Mar chuid de na bearta treorach sin, féadfar tascfhórsaí a chur ar bun i gcásanna mórshuaitheadh eacnamaíoch i mBallstát ar leith.’;

(12) leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 nó 8a, agus aird á tabhairt go háirithe ar an líon tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, ar na bearta a bheartaítear agus ar na costais mheasta, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus moladh maidir le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CED, más ann di, a fhéadfar a íoc laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Is é 100 % a bheidh sa ráta cómhaoinithe maidir le caiteachas arna thabhú ag an mBallstát le haghaidh na dtairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), agus a bhaineann le bearta a leagtar amach in Airteagal 7*(*5*)*.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 nó 8a, go bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh, cuirfidh sé tús láithreach leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15 .’;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

**‘5.** Déanfar íosmhéid 40 % d’uasmhéid bliantúil CED a fhorchoimeád le haghaidh iarratais a bhaineann le scor de ghníomhaíocht oibrithe iomarcacha nó daoine féinfhostaithe dá dtagraítear in Airteagal 8. Is féidir aon chuid den mhéid sin nach n-úsáidtear nó nach bhforchoimeádtar faoin 30 Meitheamh gach bliain a úsáid freisin le haghaidh iarratas a bhaineann le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh dá dtagraítear in Airteagal 8a. Aon ranníocaíocht airgeadais le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (d), ní rachaidh sí thar EUR 4 000 000 in aghaidh an fhiontair, do na Ballstáit, le haghaidh aon bhliain airgeadais.’;

(13) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ó na dátaí a leagtar amach san iarratas i gcomhréir le hAirteagal 8(7), pointe (j), nó le hAirteagal 8a(12), pointe (m), ar a dtosaíonn an Ballstát nó an fiontar lena mbaineann, nó ar a bhfuil sé le tosú, ag soláthar an phacáiste chomhordaithe do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, nó ar a dtabhaíonn an Ballstát lena mbaineann an caiteachas riaracháin chun CED a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (5).

2. Tosóidh an Ballstát nó an fiontar na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 a chur chun feidhme gan moill mhíchuí agus déanfaidh sé na bearta sin a luaithe is féidir, agus ar aon chuma laistigh de 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh maidir le ranníocaíocht airgeadais.';

(14) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh de bhun mhír 1, lena n-áireofar na nithe seo a leanas:

(a) an measúnú a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8(6) nó Airteagal 8a(11), mar aon le hachoimre ar an bhfaisnéis ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe; agus

(b) na cúiseanna do na méideanna a mholtar i gcomhréir le hAirteagal 13(1).';

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

‘Airteagal 16
Cistí neamhleora

De mhaolú ar na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagail 8, 8a agus 15, agus ar choinníoll nach leor na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá fágtha in CED chun an méid cúnaimh a bhfuil gá leis de réir an togra ón gCoimisiún a chumhdach, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna eisceachtúla, an togra maidir le CED a shlógadh agus as an iarraidh ar aistriú buiséadach ina dhiaidh sin a chur siar go dtí go mbeidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ar fáil an bhliain tar éis an iarratais. Urramófar uasteorainn bhuiséadach bhliantúil CED i ngach uile chás.’;

(16) in Airteagal 17, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'6. Maidir le hiarratais faoi Airteagal 8a, an Ballstát lena mbaineann, gan moill mhíchuí, agus ar a dhéanaí 10 lá oibre tar éis íocaíocht phlean réamh-mhaoinithe an Choimisiúin a fháil, cuirfidh sé an chuid sin den íocaíocht réamh-mhaoinithe a bhaineann leis an bpacáiste comhordaithe arna chur i bhfeidhm ag an bhfiontar ar fáil don fhiontar lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit an íocaíocht réamh-mhaoinithe a chur ar fáil i dtráthchodanna, agus sa chás sin cuirfear an chéad tráthchuid ar fáil gan moill mhíchuí agus laistigh de 10 lá oibre ar a dhéanaí. Leagfar amach na socruithe mionsonraithe maidir le híocaíocht sa doiciméad lena rialaítear an ranníocaíocht airgeadais ón mBallstát leis an bhfiontar. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, na cistí a dhíriú ar an bhfiontar tríd an údarás réigiúnach ábhartha nó údarás poiblí eile, ar choinníoll nach gcuirfidh sé sin moill ar an íocaíocht. Coinneoidh an Ballstát nó cuirfidh sé ar aghaidh chuig údarás réigiúnach nó údarás poiblí eile an chuid den réamh-mhaoiniú a bhaineann le bearta dá dtagraítear in Airteagal 7(5).**';**

(17) in Airteagal 20, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. I gcásanna ina bhfuil ranníocaíocht airgeadais ó CED á cur chun feidhme ag fiontar d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, cuirfidh an fiontar, an fhaisnéis ábhartha uile a shonraítear i mír 1 ar fáil don Bhallstát lena mbaineann faoi dheireadh an séú mí tar éis dhul in éag na tréimhse cur chun feidhme .';

(18) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna (4) agus (5):

‘4. Seolfaidh an Coimisiún suirbhé ar na tairbhithe le linn an séú mí tar éis dheireadh gach tréimhse cur chun feidhme. Beidh an suirbhé ar na tairbhithe ar oscailt le haghaidh rannpháirtíochta ar feadh 4 seachtaine ar a laghad. Déanfaidh na Ballstáit an suirbhé ar na tairbhithe a dháileadh ar na tairbhithe, seolfaidh siad amach meabhrúchán amháin ar a laghad agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin dáileadh agus faoin meabhrúchán a seoladh.

I gcásanna a bhaineann le cúnamh arna chur chun feidhme ag fiontar do thairbhithe faoi Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), tá an fiontar sin freagrach as an suirbhé dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a dháileadh ar na tairbhithe a ghlac páirt sna bearta, agus ar ionadaithe oibrithe chun críoch faisnéise, as meabhrúchán amháin ar a laghad a sheoladh amach agus as an mBallstát a chur ar an eolas faoin dáileadh agus faoin meabhrúchán a seoladh. Déanfaidh an Coimisiún na freagairtí ar na suirbhéanna ar na tairbhithe a thiomsú agus a anailísiú ar mhaithe lena n-úsáid i meastóireachtaí amach anseo.

5. Úsáidfear suirbhéanna ar na tairbhithe chun sonraí a bhailiú ar an athrú a mheastar a bheith tagtha ar infhostaitheacht tairbhithe, nó, i gcás na dtairbhithe sin a bhfuil fostaíocht faighte acu cheana féin, ar cháilíocht na fostaíochta a fuair siad, mar shampla aon athruithe ar uaireanta oibre, ar chineál an chonartha nó an chaidrimh fostaíochta, (lánaimseartha nó páirtaimseartha; conradh ar théarma seasta nó conradh neamhiata), an leibhéal freagrachta nó athrú ar leibhéal an tuarastail i gcomparáid leis an bhfostaíocht acu roimhe sin, agus an earnáil ina bhfuair an duine fostaíocht. I gcásanna faoi Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), áireofar leis sin freisin faisnéis maidir le ról nua a d'fhéadfadh a bheith ann san fhiontar céanna, i gcás inarb infheidhme. Déanfar an fhaisnéis sin a mhiondealú de réir inscne, aoisghrúpa, leibhéal oideachais agus leibhéal taithí gairmiúla.';

(19) in Iarscríbhinn II, pointe (2), cuirtear an mhír seo a leanas isteach tar éis na chéad mhíre:

I gcásanna faoi Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), déanfar an táscaire faoin gcéad mhír, pointe (a), den phointe seo a mhiondealú de réir na fostaíochta seo a leanas:

(a) i bhfiontar eile;

(b) san fhiontar céanna:

(i) sa ról céanna,

(ii) i ról eile.'.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*